



An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

An tSamhail um Ionchuimsiú Scoile Tionscadal Teiripe Ionscoile Tuarascáil Torthaí 2022-2023





An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

Tá an obair seo ceadúnaithe faoi Cheadúnas Admhála

Neamhthráchtála Creative Commons – ShareAlike 4.0

Ceadúnas Idirnáisiúnta

©An CNOS 2025

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

2 Sráid an Mhuilinn, Páirceanna an Bhaile Theas, Baile Átha

Troim, Contae na Mí

Gréasán: www.ncse.ie

Clár an Ábhair

Brollach	2
Réamhrá	3
Comhthéacs	4
Samhail Tacaíochta Teiripe an CNOS/SIM	5
Cur i bhFeidhm na Samhla Tacaíochta	6
Próiseas casta	6
Atriallach seachas líneach	6
Cén tsraith? Baineann sé le cur i bhfeidhm, seachas leis an idirghabháil	6
Torthaí ón Athbhreithniú Sonraí	6
Teagmhálaithe	7
Imeachtaí agus Aiseolas Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (TPL)	7
Aiseolas rannpháirtithe ó imeachtaí TPL	8
Idirghabháil	9
Rianú agus Tuairisciú Torthaí	9
Dáileadh Idirghabhála	10
Torthaí Idirghabhála – Múinteoir	11
Miondealú ar Thorthaí Idirghabhála Scoláirí	12
Achoimre ar Thorthaí	13
Comhoibriú idir Múinteoirí agus Teiripe	14
Torthaí Scoláirí	14
Figiúirí Ceannlíne	14
Na Príomhrudaí a Foghlaimíodh	14
Ag Bogadh ar Aghaidh: An tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS)	15
Conclúid	16
Léitheoireacht Bhreise	16
Tagairtí	17



Tá áthas ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) an tuarascáil torthaí seo a fhoilsiú maidir leis an Tionscadal Teiripe Ion-Scoile faoin tSamhail um Ionchuimsiú Scoile. Ba éard a bhain leis an tionscadal An tSamhail um Ionchuimsiú Scoile (SIM) roinnt tacaíochtaí do scoileanna chun cabhrú le gach scoláire, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais bhreise chúraim acu, eispéireas scoile níos fearr a bheith acu. Bhí an Tionscadal Teiripe Ionscoile (ISTP) ar cheann de shnáitheanna pólótacha na Samhla um Ionchuimsiú Scoile, agus thug sé teiripeoirí saothair agus teiripeoirí urlabhra agus teanga de chuid an CNOS isteach i scoileanna chun oibriú le múinteoirí agus le scoláirí sna seomraí ranga laistigh de shamhail tacaíochta shrathaithe.

B'fhorbairt ar leith agus nuálach é an Tionscadal Teiripe Ionscoile faoin tSamhail um Ionchuimsiú Scoile don dá dhisciplín, an teagasc agus an teiripe, a bhí páirteach ann. Ba thionscnamh é a bhí dírithe ar an scoil agus ar fhorbairt acmhainne, a rinne iarracht timpeallachtaí oideachais na scoileanna a fheabhsú, agus é mar chuspóir deiridh rannpháirtíocht agus páirtíocht na scoláirí san fhoghlaim a neartú. Sa chomhthéacs sin, cuireann an tuarascáil sonraí torthaí seo go mór agus go bunúsach leis an bhfianaise atá ag dul i méid maidir le cleachtais chomhoibríocha atá bunaithe sa scoil laistigh de dhisciplíní na teiripe saothair agus na teiripe urlabhra agus teanga. Tugann sé muinín dár bpáirtithe leasmhara agus dár gcomhpháirtithe oideachais go bhfuil na forbairtí beartais seo ag tabhairt torthaí do scoláirí, do mhúinteoirí agus do scoileanna araon.

Measadh gurbh fhorbairt beartais 'ceannródaíoch' i gcóras oideachais na hÉireann an tSamhail um Ionchuimsiú Scoile. Léiríonn an tuarascáil sonraí seo dul chun cinn suntasach i dtreo 'Seirbhís Teiripe Oideachais' ina mbeidh deis ag gach scoil ar fud na tíre leas a bhaint as acmhainní teiripe atá bunaithe ar fhianaise, chomh maith le tacaíochtaí agus idirghabháil teiripe laistigh den scoil. Is tráthúil dá bhrí sin gur fhógair na hAirí McEntee agus Moynihan roimhe seo bunú na Seirbhíse Teiripe Oideachais (ETS) faoi shainchúram an CNOS mar chuid de Phlean Oideachais 2025.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a chuir leis an gcomhchleachtas a chuir ar ár gcumas na sonraí luachmhara seo a chur ar fáil don phobal. Saibhríodh an comhoibriú seo le hobair dhíograiseach theiripeoirí tiomnaithe an CNOS agus le ceannaireacht ghéarghlic ár ngrúpa ceannaireachta teiripe. Tá buíochas ar leith ag dul dár gcomhghleacaithe múinteoireachta agus do cheannairí scoile sna scoileanna pólótacha den tSamhail um Ionchuimsiú Scoile, a raibh an fhís acu machnamh a dhéanamh ar na cleachtais a bhí ann cheana agus a bheith oscailte do smaointe nua agus do pheirspictíochtaí nua maidir lena gcuid oibre agus lena dtimpeallachtaí foghlama. Léiríonn na sonraí seo an cumas atá ag obair foirne ghairmiúil cleachtais ionchuimsitheacha a fheabhsú laistigh de phobail scoile.

John Kearney

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Réamhrá

Leagtar amach sa tuarascáil seo sonraí 24 mí de rannpháirtíocht idir teiripeoirí saothair agus teiripeoirí urlabhra agus teanga de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus na 75 scoil phíolótach a bhí páirteach sa tSamhail um Ionchuimsiú Scoile (SCS), idir Eanáir 2022 agus Nollaig 2023.


Cuireann an tuarascáil sonraí torthaí seo go mór leis an mbonn fianaise atá ag dul i méid maidir le cleachtas comhoibríoch atá bunaithe sa scoil laistigh de dhisciplíní na teiripe saothair agus na teiripe urlabhra agus teanga. Tugann sé muinín dár bpáirtithe leasmhara agus dár gcomhpháirtithe oideachais go bhfuil na forbairtí beartais seo ag tabhairt torthaí do scoláirí, do mhúinteoirí agus do scoileanna araon.

Bailíodh na sonraí sa tuarascáil achomair seo mar chuid de ghnáthchleachtas theiripeoirí an CNOS, agus áirítear ann sonraí maidir leis na nithe seo a leanas:

- Teagmháil le scoileanna
- Imeachtaí Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (TPL) leis an aiseolas gaolmhar
- Idirghabháil scoilbhunaithe agus seomra ranga a forbraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm go comhoibríoch idir teiripeoirí an CNOS agus múinteoirí.

Tá an tuarascáil seo bainteach i gcomhthéacs fhógraí an Rialtais maidir le bunú na Seirbhíse Tacaíochta Teiripe Oideachais ¹ (ETSS) in 2024 agus an fhógra in 2025 go mbeadh an tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) ina seirbhís náisiúnta lánfhoirne faoi shainchúram an CNOS ².

Leagfar amach sa tuarascáil, ar dtús, comhthéacs beartais na Samhla um Ionchuimsiú Scoile. Ina dhiaidh sin, déanfar cur síos ar Shamhail Tacaíochta Teiripe an CNOS, agus ansin cuirfear i láthair na sonraí a bailíodh mar chuid de shnáithe an Tionscadail Teiripe Ionscoile (ISTP).



Fíor 1. Amlíne Thionscadal agus Thionscadal Píolótach Teiripe Oideachais

¹ <https://www.gov.ie/ga/preasraitis/7e9c4-ministers-foley-and-naughton-announce-the-establishment-of-an-educational-therapysupport-service-etss/>

²Foilsíonn an tAire McEntee agus an tAire Stáit Moynihan Plean Oideachais 2025

Comhthéacs

Tar éis don CNOS an tAthbheithniú Cuimsitheach ar an Scéim um Chúntóirí Riachtanas Speisialta a fhoilsiú, bhunaigh an Roinn Oideachais in 2019 clár píolótach don tSamhail nua um Ionchuimsiú Scoile (SIM) do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais bhreise chúraim acu³.

Ba éard a bhain le tionscadal an SIM roinnt tacaíochtaí do scoileanna chun cabhrú le gach scoláire, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais bhreise chúraim acu, eispéireas scoile níos fearr a bheith acu.


Bhí forbairt oideolaíochta atá bunaithe ar phrionsabail theiripeacha agus timpeallachtaí scoile lárnach maidir le cur i bhfeidhm thionscadal an SIM. Trí chomhoibriú éifeachtach idir gairmithe éagsúla, d'fhorbair pobail scoile a gcumas chun tacú ar an mbealach is fearr le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Bhí cúig shnáithe ghníomhacha i dtionscadal an SIM le linn thréimhse na tuarascála seo:

1. An Tionscadal Teiripe Ionscoile
2. Tacaíochtaí Foirne Réigiúnacha
3. An Clár Náisiúnta Oiliúna do Chúntóirí Riachtanas Speisialta
4. An Clár Náisiúnta Píolótach Altranais
5. Tacaíochtaí Feabhsaithe NEPS

Ba iad na 75 'scoil píolótach SIM' na scoileanna céanna a roghnaigh an Lárionad Taighde Oideachais chun páirt a ghlacadh sa Tionscadal Léirithe ar Thacaíocht Teiripe Ionscoile agus Luathbhlianta 2018-2020. Rinne foireann taighde ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ó Choláiste Mhuire gan Smál (Lynch et al., 2020) [meastóireacht](#) ar an 'Tionscadal Taispeána' seo. Bhí na 75 scoil seo lonnaithe i Réigiún 7 de chuid na hEagraíochta Cúraim Sláinte Pobail (CHO) de chuid FSS⁴.

Seo a leanas miondealú earnála na 75 scoil: 55 bunscoil, 15 iar-bhunscoil agus 5 scoil speisialta.



Fíor 2. Scoileanna Píolótacha SIM - Miondealú Earnála

³<https://www.gov.ie/en/press-release/00c8ea-minister-mchugh-announces-trial-of-a-new-school-inclusion-model-to-p/>

⁴ Réigiún 7 den Eagraíocht Sláinte Pobail (CHO) de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), a chuimsíonn Bhaile Átha Cliath Thiar Theas, Cill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin.

Thosaigh an Tionscadal Teiripe Ionscoile (ISTP) i mbun idirghabháil leis na 75 Scoil Phíolótach SIM i mí na Nollag 2021, tar éis sos a bheith ar sholáthar tacaíochtaí ionscoile a tharla mar gheall ar phaindéim COVID-19⁵.


Nóta: Tagraíonn ‘teiripeoirí’, i gcomhthéacs an SIM agus an ISTP, go heisiach do Theiripeoirí Saothair agus do Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga atá cláraithe le CORU, agus iad uile fostaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar feadh ré chlár píolótach an SIM.

Samhail Tacaíochta Teiripe an CNOS/SIM

Léiríonn fianaise atá ag méadú an gá go ndéanfaí idirghabháil teiripe saothair agus teiripe urlabhra agus teanga i gcomhthéacs nádúrtha agus go ndíreofaí orthu ar thascanna a bhaineann le rannpháirtíocht sa seomra ranga (Archibald, 2017; Cahill agus Beisbeir, 2020). Oibríonn teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí saothair an CNOS laistigh de shamhail tacaíochta ilsrathach atá dírithe ar an oideachas, comhoibríoch agus ionchuimsitheach. Tacaíonn fianaise ó dhea-chleachtas idirnáisiúnta le húsáid samhlacha tacaíochta comhoibríocha, bunaithe ar láidreachtaí agus ilsrathacha laistigh de shuíomhanna oideachais, a éascaíonn agus a chuireann rannpháirtíocht ionchuimsitheach chun cinn do gach leanbh (WFOT, 2016). Cuireann na samhlacha ilsrathacha seo chun cinn tuiscint ar scoileanna mar thimpeallachtaí casta ina mbíonn gá ag scoláirí le leibhéil éagsúla tacaíochta (Uilíoch, Spriocdhírthe agus Saincheaptha don Duine Aonair).

Déantar tacaíochtaí agus idirghabháil teiripe an CNOS a phleanáil agus a sholáthar i gcomhar le scoileanna, le múinteoirí agus le scoláirí ar fud na samhla tacaíochta 3 shraith. Cuireann teiripeoirí an CNOS cur chuige solúbtha, dírithe ar réitigh agus céimnithe i bhfeidhm, ina bhféadfar measúnú, tacaíochtaí agus idirghabháil a leabú ar shraith ar leith den tsamhail tacaíochta nó thar iliomad sraitheanna ag an am céanna. Cuireann sé seo ar chumas scoileanna freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí ar bhealach solúbtha agus dinimiciúil a aithníonn an éagsúlacht laistigh de phobail scoile agus de thimpeallacht na scoile.

- Sraith 1 Uilíoch: Tacaíocht Uile-Scoile agus Seomra Ranga (Gach Leanbh)
- Sraith 2 Spriocdhírthe: Tacaíocht Scoile Bhreise (Tacaíocht scoile spriocdhírthe)
- Sraith 3 Diantacaíocht: Tacaíocht Scoile Móide (Tacaíocht scoile atá saincheaptha don duine aonair)



Fíor 3. Samhail Tacaíochta Teiripe an CNOS/SIM

⁵ Scoileanna Píolótacha an SIM: 75 scoil a roghnaigh an Lárionad Taighde Oideachais chun tacaíochtaí teiripe ionscoile a fháil mar chuid de chlár píolótach na Samhla um Ionchuimsiú Scoile (SIM). Idir Márta 2020 agus lár 2021, cuireadh isteach go mór ar fhoghlaím ionscoile. Ath-implonadh teiripeoirí an ISTP chuig seirbhísí sláinte a bhain le COVID-19. Le linn 2021, d'fhill scoileanna ar fhoghlaím ionscoile, agus earcaíodh teiripeoirí le haghaidh céim nua den ISTP.

Cur i bhfeidhm na Samhla Tacaíochta

Próiseas casta

Is próiseas casta é cur chuige nó idirghabháil a chur i bhfeidhm i measc samhail tacaíochta 3 shraith i dtimpeallacht scoile (AOTI, 2024). Is minic a bhíonn castachtaí ceilte ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun rath a bhaint amach (Fitzgerald et al., 2021). I gcomhréir le fíis agus le luachanna an CNOS, díríonn soláthar seirbhíse teiripe an CNOS ar chomhoibriú, ar shaineolas comhroinnte, ar fhorbairt ghairmiúil agus ar chumasú scoileanna mar phríomhphrionsabail i gcur i bhfeidhm tacaíochtaí, straitéisí agus idirghabhála ar fud na sraitheanna tacaíochta.

Atriallach seachas líneach

Ní próiseas líneach é cur i bhfeidhm na samhla tacaíochta teiripe srathaí seo i scoileanna. Aithníonn soláthar seirbhíse teiripe an CNOS an gaol atriallach idir na comhpháirteanna oibre/idirghabhála laistigh de gach sraith tacaíochta. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh cur chuige nó idirghabháil tosú ag sraith ar leith, is minic a bhíonn gnéithe den chur chuige nó den idirghabháil sin leabaithe ar fud na sraitheanna go comhuaineach, rud atá comhsheasmhach le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta (McCluskey et al., 2020; Starling, 2012). Mar shampla, agus idirghabháil spriocdhírthe ar fhoclóir á cur i bhfeidhm le grúpa ar leith, féadfaidh múinteoirí straitéisí a leabú ag an am céanna in oideolaíocht an tseomra ranga ar leibhéal uile-ranga do na scoláirí sin, nó i measc ranganna agus grúpaí eile sa scoil, nó d'fhéadfadh sé cur le tionscnamh foclóra ar fud na scoile.

Cén tsraith? Baineann sé le cur i bhfeidhm, seachas leis an idirghabháil.

Is annamh is féidir gníomhaíocht nó idirghabháil a rangú go cinntitheach mar ghníomhaíocht a bhaineann le sraith ar leith. Braitheann an rangú ar CONAS a chuirtear an ghníomhaíocht nó an idirghabháil i bhfeidhm. Mar shampla, agus teiripeoirí an CNOS ag obair laistigh den tsamhail tacaíochta shrathach i scoileanna, déantar gnéithe den tacaíocht a athfhiosrú go minic ag pointí éagsúla ama chun freastal ar riachtanais na scoile, an mhúinteora nó na scoláirí atá ag teacht chun cinn, nó chun tacú lena spriocanna agus na torthaí is fearr a chinntiú. Ciallaíonn sé seo freisin go bhféadfar an cur chuige nó an idirghabháil a chur i bhfeidhm ar fud leibhéil éagsúla tacaíochta ag an am céanna.

Mar shampla, dá mbeadh an idirghabháil dírithe ar 'thacú le féinrialú scoláirí chun rannpháirtíocht níos fearr san fhoghlaim a chur chun cinn', d'fhéadfadh teiripeoir saothair tacú le múinteoir chun straitéisí gluaiseachta atá comhcheangailte le cúrsaí acadúla a chur i bhfeidhm in oideolaíocht an tseomra ranga do ghrúpa ranga ar leith (Sraith 2). D'fhéadfaidís freisin a bheith ag obair leis an bhfoireann ionchuimsithe scoile chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag gnáthaimh agus spásanna i rith am lóin ar fhéinrialú agus folláine, agus chun sraith straitéisí ar fud na scoile (Sraith 1) a fhorbairt chun feabhas a chur ar an taithí lóin do gach scoláire. Ag an am céanna, d'fhéadfadh an teiripeoir saothair a bheith ag forbairt straitéisí céadfacha aonair atá riachtanach do scoláire ar leith i seomra ranga ar leith, i gcomhar lena múinteoir (Sraith 3).

Torthaí ón Athbhreithniú Sonraí

Sa chéad mhír eile cuirfear i láthair éagsúlacht de shonraí a bhaineann le raon leathan tacaíochtaí a cuireadh ar fáil do na scoileanna píolótacha SIM mar chuid de shnáithe an ISTP. Tuairiscítear na tacaíochtaí seo faoi thrí phríomhchatagóir.

- Teagmháil le scoileanna
- Imeachtaí Foghlama Gairmiúla Múinteoirí
- Torthaí Idirghabhála

Le linn na tréimhse 24 mí, líonadh 12 as 31 post teiripe, ar an meán. D'oibrigh na teiripeoirí saothair (OTanna) agus na teiripeoirí urlabhra agus teanga (SLTanna) seo le 72 Scoil Phíolótach SIM⁵, chuir siad imeachtaí Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (TPL) ar fáil do 69 scoil agus chuir siad idirghabháil i bhfeidhm in 42 scoil.

⁵Níor ghlac trí cinn de na scoileanna píolótacha SIM páirt ghníomhach le linn na tréimhse seo.

Aithníonn Seirbhís Teiripe an CNOS go bhféadfadh an téarma 'idirghabháil' a bheith bainteach le samhail leighis nó le peirspictíocht chliniciúil i leith seirbhísí teiripe do leanaí. Tá raon gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí teiripeacha ann a bhaineann le hobair le scoil thar thréimhse leanúnach ama. Ní féidir gach ceann de na tacaíochtaí seo a thomhas ar mhaithe le tuairisciú ar thionchar ná a rangú mar idirghabháil ar leith.

Sainmhíníonn Seirbhís Teiripe an CNOS 'idirghabháil' mar phlean gníomhaíochta a fhorbraítear go comhoibríoch idir an teiripeoir agus an múinteoir, ina leagtar amach torthaí intomhaiste don mhúinteoir agus don scoláire/na scoláirí thar thréimhse faoi leith ama. Baineann cur i bhfeidhm idirghabhála le meascán de mhodhanna éagsúla, mar shampla oiliúint shonrach agus ina diaidh sin cóitseáil sa rang, samhaltú agus comhairliúchán le scoláirí. Measann teiripeoirí an CNOS go bhfuil peirspictíochtaí gairmiúla na múinteoirí rithábachtach agus measúnú á dhéanamh ar an idirghabháil a sholáthraítear go comhoibríoch (Laverdure agus Rose, 2012).

Teagmhálaithe

Ó thús na rannpháirtíochta le scoileanna i mí na Nollag 2021, taifeadadh gach teagmháil le scoileanna ag teiripeoirí an CNOS/SIM. Is féidir le haon cheann díobh seo a leanas a bheith i gceist le teagmháil le scoil.

- Cuairt ar scoil
- Cruinniú físe nó duine le duine
- Glaoch gutháin
- Ríomhphost nó litir

Rinneadh 6,334 teagmháil le scoileanna nó faoi scoileanna le linn na tréimhse (féach Tábla 1). Tagraíonn 'teagmháil' do ghlaoh gutháin, ríomhphost, cruinniú nó cuairt scoile idir teiripeoir nó ball foirne an CNOS agus scoil phiólótach an SIM, nó cruinniú leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais maidir leis an scoil. Léirítear sna figiúirí a tuairiscíodh do ghlaonna gutháin, ríomhphost agus cruinnithe teagmhálacha neamhspleácha leis an scoil. Mar sin féin, is gnách go mbeadh roinnt gníomhaíochtaí le linn an idirchaidrimh i gceist le teagmháil a aicmítear mar chuairt scoile, mar shampla imeacht TPL a reáchtáil, cóitseáil sa rang, nó plé machnamhach srl.

Tábla 1. Teagmhálaithe an ISTP 2022-2023

Bliain/ Saghas Teagmhála	Cuairt scoile	Cruinnithe físe agus duine le duine	Guthán	Ríomhphost agus Litir	Ní luaitear	Iomlán
Iomlán	1493	191	204	4443	3	6334

Imeachtaí agus Aiseolas Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (TPL)

Cuireadh réimse imeachtaí TPL ar bun ó Eanáir 2022 go Nollag 2023. Bhí roinnt imeachtaí oscailte do gach ball foirne oideachais i scoileanna píolótacha an SIM, agus bhí imeachtaí eile ar cuireadh amháin, bunaithe ar na riachtanais a aithníodh i scoil ar leith. Le linn na tréimhse tuairiscithe, reáchtáladh 311 imeacht TPL le 3,194 ball foirne oideachais ó 69 scoil. Reáchtáladh formhór na n-imeachtaí mar imeachtaí TPL ionscoile (lín 288), agus bhí líon níos lú imeachtaí TPL réigiúnacha ann (bhí scoileanna éagsúla i láthair) (féach Tábla 2). Tugadh tús áite i gcónaí d'imeachtaí TPL a sholáthar go pearsanta, agus reáchtáladh gach imeacht réigiúnach go fisiciúil ar an láthair.

Laistigh de chomhthéacs an ISTP, áiríodh na nithe seo a leanas le himeachtaí TPL:

• Clinicí buail isteach:

Chuir clinicí buail isteach an ISTP treoir neamhspleách ar fáil ó theiripeoir do mhúinteoir gan aon chomhthéacs breise ná aon obair leantach.

• Imeachtaí eolais:

Imeachtaí a dhírigh ar eolas fíriciúil nó nóis imeachta a scaipeadh ar fhoireann scoile maidir leis an tionscadal a riar nó an teoiric a bhaineann le hidirghabháil.

• Imeacht eolais agus straitéise:

Imeachtaí iad seo ina raibh na gnéithe breise de chóitseáil, cleachtas, agus cur i bhfeidhm teiripeoramúinteora sa seomra ranga. Mar shampla, d'fhéadfadh teiripeoir saothair ceardlann a chur ar siúl le foireann iomlán na scoile ar theoiric phróiseála céadfaí agus ar an gcaoi a mbaineann sí le foghlaim agus le rannpháirtíocht sa scoil. Tar éis léiriú spéise ó mhúinteoirí, d'fhéadfadh an teiripeoir saothair straitéisí a thacaíonn le féinrialú agus le rannpháirtíocht san fhoghlaim a shamhaltú agus a chóitseáil sa seomra ranga, chun cumas na múinteoirí a fhorbairt na straitéisí sin a úsáid arís amach anseo. Is iad imeachtaí faisnéise agus straitéise na himeachtaí is dóichí a mbíonn tionchar acu ar chleachtas na foirne oideachais; dá bhrí sin, bailíodh aiseolas ó rannpháirtithe don chatagóir seo d'imeachtaí amháin (líon 229).

Tábla 2. Imeachtaí TPL

Imeachtaí TPL	Líon Imeachtaí	Líon Múinteoirí Rannpháirteacha
Iomlán	311	3194
De réir láithreach		
Ar scoil	288	2821
An Pobal	23	373
De réir saghas suímh		
Bunscoil	234	2148
Iar-Bhunscoil	38	618
Speisialta	32	291
Suíomhanna iolracha	7	137
De réir saghas imeachta		
Eolas agus straitéisí (1+)	229	2441
Eolas (1)	58	579
Clinic Buail Isteach	24	174

Aiseolas rannpháirtithe ó imeachtaí TPL

Chuir foireann oideachais aiseolas ar fáil do 155 as na 229 imeacht eolais agus straitéise (mar a thugtar faoi deara i dTábla 2). Bhí an t-aiseolas a bailíodh ag deireadh gach imeachta TPL an-dearfach. Ag úsáid Scálaí Likert, thuairiscigh gach ball foirne oideachais a d'fhreastail ar gach imeacht feabhas ar a muinín agus a gcuid eolais araon maidir leis na hábhair a clúdaíodh (féach Tábla 3). Ina theannta sin, thug rannpháirtithe an dóchúlacht le fios go gcuirfidís an t-eolas agus an mhuinín seo i bhfeidhm ina gcleachtas múinteoireachta, agus an tionchar dearfach a bhíodhas ag súil leis ar fhoghlaim, gníomhú, rannpháirtíocht ghníomhach agus/nó folláine scoláirí.

Tábla 3. Aiseolas a Thug Múinteoirí le Fios

Ábhar an Imeachta	#	Cur i bhFeidhm ar Chleachtas Múinteoireachta	Tionchar a Thug Múinteoirí le fios ar Scoláirí
Cumarsáid	35	99%	97%
Stór Focal	33	99%	95%
Teanga	20	100%	100%
Timpeallacht	20	99%	96%

Litearthacht	10	99%	98%
Rialú	9	99%	98%
SLCN	8	100%	100%
Gluaiseacht	6	100%	100%
Aithint riachtanais	5	100%	95%
Scileanna Luaile	3	100%	92%
Céadfach	3	100%	100%
Aiseolas/Eolas	3	100%	100%

Dúirt beagnach gach múinteoir (99%+) go gcuirfidís an fhoghlaim ó imeacht TPL i bhfeidhm ina gcleachtas múinteoireachta, agus thug 98% de mhúinteoirí, ar an meán, le fios go raibh súil acu go mbeadh tionchar dearfach ag an eolas agus na straitéisí a clúdaíodh sna himeachtaí TPL seo ar scoláirí ina seomraí ranga.

Idirghabháil

D’oibrigh teiripeoirí an CNOS le múinteoirí i scoileanna pólótacha an SIM chun idirghabháil a bhaineann le hábhar oideachais a dhearadh agus a sholáthar go comhoibríoch. Dhírigh an idirghabháil seo ar chumas na scoile agus a foirne a fhorbairt chun cláir nó straitéisí struchtúrtha a bhaineann leis an oideachas agus atá bunaithe ar fhianaise a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Tríd is tríd, dearadh an idirghabháil seo chun tionchar a imirt ar an eispéireas oideachais ionchuimsitheach do gach scoláire, do roinnt scoláirí acu nó do bheagán scoláirí laistigh dá dtimpeallacht foghlama. Thit cur i bhfeidhm idirghabhála amach i rith tréimhse fhada, agus ba mhinic go raibh meascán de mhodhanna nó cuir chuige éagsúla i gceist, mar shampla píosa oiliúint ar leith agus cóitseáil sa rang, samhaltú agus comhairliúchán le scoláirí ina dhiaidh sin.

Bhí cur i bhfeidhm gach idirghabhála faoi threoir torthaí idirghabhála a aontaíodh, torthaí do mhúinteoirí agus, nuair ba chúil, torthaí scoláirí, mar aon leis na bearta tomhais gaolmhara do na torthaí sin. Trí úsáid a bhaint as uirlis um chur i bhfeidhm, spreag teiripeoirí an CNOS scoileanna chun torthaí idirghabhála a thaifeadadh agus sonraí a bhailiú faoin tionchar a bhí ag an idirghabháil ar scoláirí (torthaí scoláirí), ag baint úsáide as réimse modhanna, measúnú roimh agus tar éis na hidirghabhála, bearta measúnaithe don fhoghlaim, plé machnamhach agus scálaí dírithe ar réitigh ina measc.

Rianú agus Tuairisciú Torthaí

Tá an CNOS treoraithe ag Creat Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí (TPL) an Lárionaid Taighde Oideachais (ERC, 2023) agus é ag measúnú thionchar a ghníomhaíochtaí TPL le scoileanna. Treoraíonn taighde an CNOS teiripeoirí an CNOS freisin agus iad ag cinneadh an chur chuige is fearr chun dul chun cinn scoláirí agus torthaí idirghabhála teiripe a thuairisciú. Bhain Douglas et al. (2012) an tátal as gur féidir torthaí oideachais scoláirí a ghrúpáil go húsáideach sna catagóirí seo a leanas:

- Gnóthachtáil acadúil
- Torthaí a bhaineann le freastal
- Torthaí a bhaineann le sonas
- Torthaí a bhaineann le neamhspleáchas
- Torthaí ag deireadh na scoile

Tá sé tábhachtach do theiripeoirí an CNOS an creat tagartha seo a ghlacadh, mar coinníonn sé an bhéim ar an scoil agus ar an bhfoghlaim, seachas ar réimsí eile ‘cliniúla’ a bhí, go traidisiúnta, mar phríomhfhocas obair na dteiripeoirí i scoileanna. Treoraíonn sé freisin fíis de ‘féiniúlacht seirbhíse ar leith’ (Lynch et al., 2020) do theiripeoirí an CNOS, atá uathúil agus atá idirdhealaithe go soiléir ó sholáthraithe seirbhísí eile sna hearnálacha sláinte agus cúraim shóisialta.

Scaipeadh Idirghabhála

Le linn na tréimhse seo, cuireadh 127 idirghabháil i bhfeidhm in 42 scoil, agus tá miondealú ar an idirghabháil leagtha amach i dTábla 4. Faoi mhí na Nollag 2023, bhí 103 as na 127 idirghabháil athbhreithnithe go comhoibríoch ag an teiripeoir agus ag an múinteoir agus measadh iad a bheith críochnaithe. Bhí ceithre chéad caoga a naoi (459) múinteoir páirteach i soláthar na hidirghabhála seo, ina raibh 3,241 scoláire bainteach. As an idirghabháil a measadh a bheith críochnaithe, réachtáladh a bhformhór i suíomhanna bunscoile (líon 81), agus ba í idirghabháil uile-ranga Shraith 1 an fhoirm ba choitianta (líon 55), a bhain 1,284 scoláire amach.

Tábla 4. Gach Idirghabháil Teiripe

	Líon Idirghabhála	Líon Múinteoirí Rannpháirteacha	Líon Scoláirí
Gach idirghabháil	127	563	3479
Críochnaithe	103	459	3241
Neamhchríochnaithe	24	104	238


Críochnaithe de réir Suímh...			
Bunscoil	81	353	2736
Speisialta	10	83	293
Iar-Bhunscoil	12	23	212

Críochnaithe de réir Sraithe...			
Uile-ranga Shraith 1	55	161	1284
Uile-scoile Shraith 1	22	226	1805
Sraith 2	23	65	149
Sraith 3	3	7	3

Leagann Fíor 4 amach dáileadh na hidirghabhála ar fud na samhla tacaíochta ilsrathaí. Léiríonn na sonraí go bhfuil teiripeoirí an CNOS ag cleachtadh le dílseacht don bhonn fianaise i dtaca le díriú ar idirghabháil (Lynch et al., 2023; Ebbels et al., 2019), agus go gcumhdaíonn idirghabháil uilíoch agus spriocdhírthe 97% d'obair theiripeoirí an CNOS.

Is toradh tábhachtach é seo, toisc gur príomhthosca a imríonn tionchar ar rannpháirtíocht scoláirí í timpeallacht ilghnéitheach agus chasta na scoile (MacIver et al., 2019). Tá an díriú a leathnú amach ó mhodhanna traidisiúnta 'tarraing amach' maidir le soláthar teiripe i scoileanna agus Samhail Tacaíochta Teiripe Ilsrathach an CNOS a chur i bhfeidhm go héifeachtach ag teacht le dea-chleachtas comhaimseartha.

Is amhlaidh atá sé seo toisc go mbaineann ionchuimsiú le gach leanbh agus duine óg i scoileanna, agus go ndíríonn sé ar láithreach, rannpháirtíocht agus gnóthachtáil (Ainscow et al., 2006). Dá bhrí sin, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar na daonraí uile nach bhfuil ag teacht ar an scoil nó ag baint tairbhe aisti, éilíonn an dearcadh seo cur chuige níos comhchoitinne a fhorbairt i dteannta tacaíocht agus gníomhaíocht aonair; is é sin le rá, má choinnítear díriú na hidirghabhála den chuid is mó ar an duine aonair, is ar éigean a bhainfear amach an t-ionchuimsiú inmhianaithe (de Oliveira Borba et al., 2020).



Fíor 4. Dáileadh na hidirghabhála teiripe ar fud na samhla tacaíochta ilsratháí

Torthaí Idirghabhála – Múinteoir1

Breithnítear i dTábla 5 na 103 idirghabháil a measadh a bheith críochnaithe, chomh maith le gnóthú thorthaí na múinteoirí. As na 103 idirghabháil, bhí 93 acu tar éis torthaí na múinteoirí a bhaint amach go hiomlán (líon 78) nó go páirteach (líon 15) le linn na tréimhse. I gcás inar baineadh amach torthaí múinteoirí go hiomlán nó go páirteach, dhírigh 73 díobh sin ar fhoghlaim scoláirí a fheabhsú trí idirghabháil Shraith 1 a sholáthraíonn múinteoirí ar fud na scoile nó sa seomra ranga. Dhírigh fiche ceann den idirghabháil go sonrach ar scileanna na scoláirí a fheabhsú trí idirghabháil Shraith 2 agus Shraith 3 a sholáthraíonn múinteoirí. Ba idirghabháil Shraith 1 uile-ranga (líon 53) an idirghabháil ba choitianta a reáchtáladh agus a críochnaíodh. Mar sin féin, ba idirghabháil Shraith 1 ar fud na scoile (líon 20) a raibh tionchar acu ar an líon ba mhó scoláirí (líon 1,805).

Tábla 5. Léargas Ginearálta ar Idirghabháil Chríochnaithe le Torthaí Múinteora

	Líon Idirghabhála	Líon Múinteoirí Rannpháirteacha	Líon Scoláirí
Líon Idirghabhála a críochnaíodh	103	458.5	3241
Torthaí múinteora nár baineadh amach	10	44	48
Torthaí múinteora a baineadh amach go hiomlán/go páirteach	93	414.5	3193
Torthaí múinteora a baineadh amach go hiomlán/go páirteach de réir Sraithe...			
Uile-scoile Shraith 1	20	200.5	1805
Uile-ranga Shraith 1	53	159	1271
Sraith 2	17	48	114
Sraith 3	3	7	3

Gné riachtanach de chur i bhfeidhm idirghabhála atá bunaithe ar phrionsabail theiripeacha is ea cumas an mhúinteora idirghabháil a phleanáil agus a tionchar ar an timpeallacht mhúinteoireachta agus foghlama nó ar chumas an scoláire a mheas. Measann teiripeoirí an CNOS go bhfuil peirspictíochtaí gairmiúla na múinteoirí rithábachtach agus measúnú á dhéanamh ar an idirghabháil a sholáthraítear go comhoibríoch (Laverdure agus

Rose, 2012). Tá an saineolas is mó ag múinteoirí ar riachtanais foghlama na scoláirí faoina gcúram, agus tá siad sa suíomh is fearr chun torthaí na hidirghabhála ar dhul chun cinn oideachais na scoláirí a mheas (an Roinn Oideachais, 2022).

As na 93 idirghabháil inar baineadh torthaí na múinteoirí amach go hiomlán nó go páirteach (mar atá leagtha amach i dTábla 5), bhí na múinteoirí ábalta tionchar na hidirghabhála ar an timpeallacht mhúinteoireachta agus foghlama, chomh maith lena tionchar ar a scoláirí, a mheas. Tá miondealú ar an idirghabháil seo agus ar a torthaí le fáil i dTábla 6. Tuairiscíodh tionchar dearfach ar an timpeallacht foghlama nó ar chumas na scoláirí i gcás 69 idirghabháil (74%), a bhain 2,894 scoláire amach (torthaí ginearálta idirghabhála do Shraith 1 agus torthaí scoláirí do Shraitheanna 2 agus 3, bainte amach go hiomlán nó go páirteach).

Tábla 6. Achoimre ar Thorthaí Idirghabhála: Timpeallacht Foghlama agus Scoláire

	Líon Idirghabhála	Líon Múinteoirí Rannpháirteacha	Líon Scoláirí
Idirghabháil inar baineadh torthaí múinteora amach go hiomlán/go páirteach	93	414.5	3193
An Timpeallacht Foghlama a Fheabhsú (Sraith 1)			
Torthaí ginearálta idirghabhála a baineadh amach go hiomlán nó go páirteach	73	359.5	3076
An Timpeallacht Foghlama a Fheabhsú (Sraith 1)			
Torthaí scoláirí a baineadh amach go hiomlán nó go páirteach	52	255.5	2784
Torthaí scoláirí nár tugadh le fios	21	104	292
Scileanna Scoláire (Sraith 2 agus Sraith 3)			
Torthaí scoláirí a baineadh amach go hiomlán nó go páirteach	17	48	110
Torthaí scoláirí nár tugadh le fios	3	7	7
Idirghabháil inar baineadh torthaí Scoláirí amach go hiomlán nó go páirteach			
Sraitheanna 1, 2, 3, ar an iomlán	69	303.5	2894

I gcás inar díríodh an idirghabháil ar fheabhsú na timpeallachta foghlama (líon 73), rinneadh measúnú ar thorthaí na hidirghabhála trí iniúchadh timpeallachta nó trí thuairisc an mhúinteora, agus baineadh amach na torthaí go hiomlán nó go páirteach i ngach cás. Bhí torthaí scoláirí ar leith ag fothacar den idirghabháil seo (líon 52), agus i ngach cás díobh sin baineadh na torthaí amach go hiomlán nó go páirteach.

Miondealú ar Thorthaí Idirghabhála Scoláirí

Le linn tréimhse 24 mí, sholáthair teiripeoirí an CNOS 93 idirghabháil i gcomhar le scoileanna, ar tuairiscíodh torthaí díobh, a raibh tionchar díreach acu ar 3,193 scoláire. Dhírigh seachtó a trí idirghabháil ar an timpeallacht foghlama. Bhí torthaí tuartha scoláirí ag caoga a dó den idirghabháil seo. Baineadh na torthaí seo amach go hiomlán nó go páirteach i measc 2784 scoláire. Ba é forbairt scileanna scoláirí (Sraith 2 agus 3) príomhfhocas 20 idirghabháil bhreise, agus ghlac 117 scoláire páirt. Baineadh torthaí scoláire amach go hiomlán nó go páirteach i measc 110 de na scoláirí seo.

Cuireann Tábla 7 i láthair na 69 idirghabháil inar baineadh torthaí scoláirí amach go hiomlán nó go páirteach, i ndáil le trí cinn de thorthaí oideachais an CNOS a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo – neamhspleáchas, gnóthachtáil acadúil agus torthaí ag deireadh na scoile (Douglas, 2012).

Tábla 7. Idirghabháil a bhaineann le neamhspleáchas, gnóthachtáil acadúil agus torthaí ag deireadh na scoile – Eanáir 2022 – Nollaig 2023

Toradh Oideachais	Líon idirghabhála	Scoileanna rannpháirteacha	Múinteoirí rannpháirteacha	Torthaí scoláirí a baineadh amach	Samplaí d'idirghabháil
Neamhspleáchas	15	11	121	1151	Ullmhaigh, Déan, Déanta. Tacaíochtaí amhairc Scileanna eagrúcháin Ciorcaid Chéadfacha
Gnóthachtáil acadúil	46	26	167.5	1410	Stór Focal, Monatóireacht ar Thuiscint, TalkBoost Smart Moves
Deireadh na Scoile	8	7	15	223	Aistriú chuig an gclár Meánscoile.

Bhí 69 ceann den idirghabháil inar baineadh torthaí scoláirí amach go hiomlán nó go páirteach ailínithe le toradh oideachais an neamhspleáchais. Mheas 121 múinteoir an fhreagairt ar an idirghabháil, agus tuairiscíodh toradh dearfach do 1,151 scoláire. Is sampla de thoradh neamhspleáchais é feabhas ar scileanna mínluaile a d'éascair as idirghabháil sé seachtaine sa réimse seo.

Bhí daichead a sé de na 69 idirghabháil inar baineadh torthaí scoláirí amach go hiomlán nó go páirteach ailínithe le toradh oideachais na gnóthachtála acadúla. I measc 26 scoil, ghlac 167.5 múinteoir páirt i soláthar na hidirghabhála seo, agus baineadh toradh dearfach amach do 1,410 scoláire. Is sampla de thoradh ar ghnóthachtáil acadúil é feabhas intomhaiste ar scileanna éisteachta gníomhaí na scoláirí a d'éascair as idirghabháil dar teideal 'Éisteacht Ghníomhach d'Fhoghlaim Ghníomhach'.

Ar deireadh, bhí 8 gcinn den idirghabháil inar baineadh torthaí scoláirí amach go hiomlán nó go páirteach ailínithe le torthaí dheireadh na scoile. Tacaíodh go dearfach le dhá chéad agus fiche a trí scoláire trí idirghabháil a bhí ailínithe leis an toradh seo, agus ba é an clár 'Aistriú chuig an Meánscoil' an phríomhidirghabháil a cuireadh i bhfeidhm.

Achoimre ar Thorthaí

Is foilseachán tábhachtach í an tuarascáil seo, bunaithe ar shonraí a bhailigh teiripeoirí an CNOS agus Scoileanna Píolótacha an SIM thar thréimhse dhá bhliain, i gcomhthéacs an chórais reatha um sholáthar seirbhísí teiripe i suíomhanna scoile in Éirinn. Cuireann na torthaí seo leis na sonraí tosaigh a foilsíodh sa mheasúnú ar an 'Tionscadal Taispeána um Thacaíocht Teiripe Ionscoile agus Luathbhlianta' (Lynch et al., 2020), agus léiríonn siad struchtúr rialachais níos scagtha agus níos láidre a chuir ar chumas teiripeoirí an CNOS sonraí ardchaighdeán maidir le haschur agus torthaí a bhailiú go córasach.

B'fhorbairt ar leith agus nuálach é an Tionscadal Teiripe Ionscoile faoin tSamhail um Ionchuimsiú Scoile don dá dhisciplín, an teagasc agus an teiripe, a bhí páirteach ann. Ba thionscnamh é a bhí dírithe ar an scoil agus ar fhorbairt acmhainne, a rinne iarracht timpeallachtaí oideachais na scoileanna a fheabhsú, agus é mar chuspóir deiridh rannpháirtíocht agus páirtíocht na scoláirí san fhoghlaim a neartú.

Mar atá le tabhairt faoi deara sna táblaí thuas, d'éirigh le teiripeoirí an CNOS a leibhéal gníomhaíochta le scoileanna, múinteoirí agus scoláirí (aschur) a léiriú, ach níos tábhachtaí fós, an tionchar a bhí ag na hiarrachtaí sin ar scoláirí (torthaí). Ba shuntasach an leibhéal ard rannpháirtíochta a léirigh múinteoirí sna scoileanna comhpháirtíochta i ndeiseanna foghlama gairmiúla a chuir teiripeoirí an CNOS ar fáil.

Comhoibriú idir Múinteoirí agus Teiripe

Le linn na tréimhse dhá bhliain, ghlac beagnach 3,200 rannpháirtí páirt in imeachtaí Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí (TPL). I gcás na n-imeachtaí, inar lorgaíodh aiseolas mionsonraithe, bhí an fhreagairt an-dearfach agus luaigh 99% go gcuirfidís an fhoghlaím i bhfeidhm ó imeacht TPL ar a gcleachtas múinteoireachta, agus thug 98% de mhúinteoirí, ar an meán, le fios go raibh súil acu go mbeadh tionchar dearfach ag an eolas agus na straitéisí a clúdaíodh sna himeachtaí TPL seo ar scoláirí ina seomraí ranga.

Léiríonn na torthaí seo go láidir go bhfuil múinteoirí i scoileanna Éireannacha de gach cineál:

1. An-ghlachach le deiseanna forbartha gairmiúla a chuireann teiripeoirí an CNOS ar fáil.
2. Go bhfuil meas mór acu ar cháilíocht na hoiliúna a fhaigheann siad.
3. Go measann siad go bhfuil an-bhaint ag an oiliúint lena gcleachtas.

Torthaí Scoláirí

Ba é an próiseas comhoibríoch maidir le hidirghabháil a bhaineann leis an oideachas a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a tionchar a athbhreithniú an príomhspreagadh chun cumas na múinteoirí a fhorbairt agus, dá réir sin, tionchar dearfach a imirt ar scoláirí. Cé gur féidir leis an bpróiseas seo a bheith dian ó thaobh ama de, léiríonn na sonraí a bailíodh i Scoileanna Píolótacha an SIM go láidir go dtugann an infheistíocht ama seo torthaí spreagúla maidir le féin-éifeachtúlacht na múinteoirí agus le cáilíocht eispéiris foghlama na scoláirí ar scoil.

Figiúirí Ceannlíne

- Chríochnaigh dhá theiripeoir déag 103 idirghabháil go rathúil i gcomhar le 459 múinteoir, agus bhí 3,241 scoláire bainteach leo.
- Rinne nócha a trí (90%) torthaí múinteoirí a bhaint amach go hiomlán nó go páirteach le linn na tréimhse. I gcás inar baineadh amach torthaí múinteoirí go hiomlán nó go páirteach, dhírigh 73 díobh sin (78%) ar fhoghlaím scoláirí a fheabhsú trí idirghabháil Shraith 1 a sholáthraíonn múinteoirí ar fud na scoile nó sa seomra ranga.
- Tuairiscíodh tionchar dearfach ar an timpeallacht foghlama nó ar chumas na scoláirí i gcás 69 idirghabháil de na 103 idirghabháil (74%), a bhain 2,894 scoláire amach.
- Bhí na 69 idirghabháil seo ailínithe le trí phríomhthoradh oideachais (Douglas, 2012) – torthaí ag deireadh na scoile, neamhspleáchas agus gnóthachtáil acadúil – rud a léiríonn go ndéanann idirghabháil ionscoile a chomhsholáthraítear difear do leanaí agus do dhaoine óga sa scoil.

Na Príomhrudaí a Foghlaimíodh

Fuair na 75 scoil a raibh baint acu leis an obair seo tacaíocht ó theiripeoirí saothair agus ó theiripeoirí urlabhra agus teanga thar thréimhse 5 bliana. Is tréimhse shuntasach í seo i gcomhthéacs gnáth-thionscadail phíolótacha agus thug sí deis mhór mhachnaimh ar chleachtas, scagadh agus feabhsú ar phróisis agus ar chleachtais, chomh maith le rannpháirtíocht agus aiseolas suntasach ó scoileanna. Tá roinnt príomhrudaí a foghlaimíodh is féidir a bhaint ó ISTP:

Féiniúlacht ar Leith Seirbhíse

- Forbraíodh *féiniúlacht ar leith seirbhíse* le linn thréimhse ISTP an SIM, áit ar thuig scoileanna luach na seirbhíse ar leith, atá dírithe ar an scoil, a chuireann teiripeoirí an CNOS ar fáil. Tá an tseirbhís seo deartha chun cur leis na seirbhísí riachtanacha atá dírithe ar an teaghlach a sholáthraíonn seirbhísí míchumais, cúram príomhúil agus seirbhísí meabhairshláinte FSS, seachas iad a ionadú.
- Beidh gá leis an tairiscint ar leith seirbhíse seo a chothabháil agus a mhonatóiriú trí struchtúir láidre rialachais de réir mar a théann an tionscnamh beartais seo ar aghaidh ó chéim píolótach go gné bhuan laistigh den chóras oideachais.

Glacann acmhainní a fhorbairt am

- Múintear in eolaíocht an chur chun feidhme dúinn go dtógann sé idir bliain agus ceithre bliana de ghnáth chun cleachtais nua a leabú (CES, 2012). Deimhníodh go raibh sé seo fíor i gcás Scoileanna Píolótacha an SIM, agus bhí gach scoil ag bogadh ar luasanna éagsúla athraithe.

- Bhí raon de *chumasóirí* agus *constaicí* cur i bhfeidhm ann a raibh tionchar acu ar luas an athraithe i scoileanna pólótacha. Ba bhacainn shuntasach i gcéimeanna luatha na hoibre imní intuigthe na múinteoirí maidir le 'leathnú ról' agus le doiléiriú teorainneacha gairmiúla. Ba í 'an Fhoireann Ionchuimsithe Scoile' an gníomh maolaithe chun aghaidh a thabhairt ar an mbacainn seo, agus rinneadh ceann de na príomhchumasóirí cur i bhfeidhm de. Bhí bunú 'foireann ionchuimsithe', faoi chathaoirleacht an phríomhoide, chun obair theiripeoirí an CNOS a chomhordú agus a chur in ord tosaíochta, rud a chinntigh go raibh riachtanais a bhaineann leis an oideachas á n-aithint agus á dtacú, agus go raibh am agus ualach oibre múinteoirí á mbainistiú. Chabhraigh an fóram seo le tuiscint na scoileanna ar ról teiripeora scoilbhunaithe, atá dírithe ar ionchuimsiú, a athshamhlú.

Scoil ar leith í gach scoil

- Ní mór do scoileanna machnamh a dhéanamh ar a 'staid ullmhachta' sula dtéann siad i mbun samhail leanúnach de sholáthar teiripe sa scoil.
- Beidh samhail leanúnach teiripe ag teastáil ó roinnt scoileanna agus beidh siad réidh di, agus d'fhéadfadh scoileanna eile tairbhe a bhaint as múinteoirí aonair nó grúpaí beaga múinteoirí a bheith ag leabú athraithe ar leibhéal an tseomra ranga sula ndéanfar machnamh ar athrú sistéamach ar fud na scoile. Aithnítear leis seo gur féidir le múinteoirí aonair a bheith athrú níos leithne ar fud na scoile a chur chun cinn.
- Tá infhaighteacht seirbhísí teiripe do scoileanna teoranta agus is dóigh go bhfanfaidh sé amhlaidh. Is é an dúshlán atá roimh bhainistíocht theiripe an CNOS ná nascadh a dhéanamh idir acmhainn theoranta (teiripeoirí) agus éileamh mór (scoileanna).

'Timthriallta Tacaíochta'

Tá an méid a foghlaimíodh ó ISTP an SIM tar éis cur ar chumas Theiripe an CNOS Conair um Beartú Tosaíochta shaincheaptha a dhearadh do scoileanna ar mian leo teacht ar sheirbhís teiripe leanúnach sa scoil chun athrú sistéamach ar fud na scoile a dhéanamh agus ionchuimsiú do chách a fheabhsú.

- Tá an chonair seo deartha chun scoileanna a chumasú machnamh a dhéanamh ar chórais agus ar chleachtais reatha, agus chun a aithint conas is féidir le teiripeoirí an CNOS cumas na scoile a fhorbairt go comhoibríoch thar '*timthriall tacaíochta*' dhá bhliain. Nuair a chríochnaíonn scoil a timthriall dhá bhliain, beidh teacht acu fós ar thacaíochtaí 'éadroma' chun cleachtais agus athruithe córais a chothabháil.
- Leanfaidh an chonair seo de ról tábhachtach a imirt i leith foireann theiripe an CNOS a shannadh do scoileanna go dtí go mbeidh dóthain teiripeoirí ann chun tacú le gach scoil ar bhonn náisiúnta.

Ag Bogadh ar Aghaidh: An tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS)

Faoi láthair cuireann an ETS dhá shruth seirbhíse ar fáil: Teiripe Réigiúnach (RT) agus Teiripe Ionscoile Leanúnach (SIT). Aithníonn agus cloíonn na sruthanna ar leith seo le riachtanais mhúinteoirí agus scoileanna i dtimpeallacht oideachais atá ag athrú go tapa. Tabharfar tús áite do scoileanna speisialta agus do scoileanna a bhfuil líon ard ranganna uathachais acu le haghaidh tacaíochta ón ETS i gcéimeanna luatha an chur i bhfeidhm.

Tá na sruthanna seirbhíse a bhfuil cur síos orthu i dTábla 8 forbartha agus measúnaithe le himeacht ama, mar aitheantas ar riachtanais scoileanna, teaghlaigh, scoláirí agus mhúinteoirí aonair. Mar shampla, aithníonn an snáithe Teiripe Réigiúnaí go bhfuil go leor múinteoirí aonair an-spreagtha chun dul i mbun eispéiris foghlama gairmiúla le teiripeoirí an CNOS agus chun athruithe a dhéanamh ar a modhanna múinteoireachta agus ar an timpeallacht foghlama.

D'fhéadfadh na múinteoirí seo a bheith ag obair i scoileanna nár chuir iarratas isteach nó atá ag fanacht le seirbhís ón snáithe SIT. Trí dhul i mbun TPL Teiripe Réigiúnaí agus na conairí cur chun feidhme gaolmhara, is féidir le múinteoirí a gcuid scoileanna agus cumais féin a fheabhsú agus a bheith in ann gan stró gníomhú mar ghníomhairí athraithe laistigh dá scoil féin chun cleachtais agus cultúir ionchuimsitheacha a chur chun cinn.

Déanfar sruthanna seirbhíse an ETS a athbhreithniú agus a scagadh go leanúnach, agus aird á tabhairt ar riachtanais atá ag athrú scoileanna, múinteoirí agus teaghlaigh. Déanfaidh an ETS iarracht seirbhís chomhtháite an CNOS a sholáthar do scoileanna, ina dtugtar le chéile saineolas Theiripeoirí, Chomhairleoirí, Mhúinteoirí Cuairte, SENOnna agus Chúntóirí Iompraíochta agus Folláine an CNOS ar mhaithe le scoileanna agus teaghlaigh. Oibreoidh an ETS i gcomhpháirt le seirbhísí FSS freisin chun a chinntiú go dtuigtear go soiléir scóip chleachtais an dá sheirbhíse i measc na seirbhísí agus na n-úsáideoirí seirbhíse.

Tábla 8. Snáitheanna Seirbhíse an ETS

Teiripe Réigiúnach (RT)	Teiripe Mharthanach Ionscoile (SIT)
Is é an múinteoir an comhpháirtí agus an cliant. - Déanann teiripeoirí réimse seimineáir Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (TPL) a dhearadh agus a sholáthar. - Tar éis dóibh freastal ar TPL, aithníonn an múinteoir tacaíochtaí cur i bhfeidhm a thacóidh lena spriocanna agus lena riachtanais foghlama aonair. - Soláthraíonn teiripeoirí tacaíocht cur i bhfeidhm leantach ionscoile do mhúinteoirí a iarrann í. Is féidir cóitseáil ar scoil, eiseamláiriú, machnamh, comhroinnt eolais agus/nó pleanáil cur i bhfeidhm a bheith i gceist leis seo. - Éascaíonn teiripeoirí ceardlanna iarsheimineáir a chuireann deiseanna breise foghlama ar fáil chomh maith le comhroinnt agus machnamh píaraí ar an gcur i bhfeidhm. - Is féidir teacht ar Theiripe Réigiúnach trí Fhéilire TPL an CNOS	Is é pobal na scoilean comhpháirtí agus an cliant. - Diantacaíocht ionscoile ar feadh 24 mí ceadaithe do scoil trí Chonair um Beartú Tosaíochta Teiripe an CNOS. - Sanntar OT agus SLT do gach scoil. Glacann Teiripeoirí SIT le cur chuige ualaigh oibre, a bhfuil líon socraithe scoileanna acu. - Aithníonn agus aontaíonn foireann ionchuimsithe scoile limistéir oibre a dtugtar tús áite dóibh. - Oibríonn teiripeoirí i gcomhar leis an scoil iomlán agus teaghlaigh chun acmhainn phobal na scoile a fhorbairt. - Téann teiripeoirí i gcomhpháirt le foireann túslíne eile an CNOS agus FSS sa chás gurb iomchuí agus tacaíochtaí á gcur ar fáil do scoileanna SIT. - Tagtar ar Theiripe Mharthanach Ionscoile trí Chonair um Beartú Tosaíochta Teiripe an CNOS.

Conclúid

Measadh gur forbairt beartais ‘ceannródaíoch’ i gcóras oideachais na hÉireann a bhí sa tSamhail um Ionchuimsiú Scoile ⁶⁷. Léiríonn an tuarascáil sonraí seo ar dhá bhliain de shnáithe an Tionscadail Teiripe Ion-Scoile den tSamhail um Ionchuimsiú Scoile dul chun cinn suntasach i dtreo Seirbhís Teiripe Oideachais atá ‘dírithe ar an scoil’, ina mbeidh deis ag gach scoil ar fud na tíre leas a bhaint as acmhainní teiripe atá bunaithe ar fhianaise, chomh maith le tacaíochtaí agus idirghabháil teiripe laistigh den scoil. Bhí na sonraí a thuairiscítear anseo lárnach sa chás a cuireadh faoi bhráid an Rialtais chun an tSeirbhís Tacaíochta Teiripe Oideachais (ETSS) a bhunú ar bhonn buan, agus ina dhiaidh sin chun an tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) a bhunú⁸.

Léitheoireacht Bhreise

An bhfuil suim agat tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn teiripeoirí an CNOS i scoileanna chun tacú le rannpháirtíocht agus le foghlaim leanaí agus daoine óga?

Tugadh cuireadh do theiripeoirí an CNOS páirt a ghlacadh i staidéar Eorpach ar na bealaí inar féidir eolas a chruthú agus a chomhroinnt chun an t-aistriú ó oideachas speisialta go córais oideachais ionchuimsithigh a chur chun cinn. Is féidir níos mó a léamh faoi it anseo ó leathanach 38. <https://easpedu/publications-detail/transitionfrom-special-education-to-inclusive-education-systems/>

Tabhair cuairt ar ár leathanach [Padlet](#) de chuid na Seirbhíse Teiripe Oideachais (STO) chun tuilleadh a fhoghlaim faoi mhúnla tacaíochta an STO, faoi shnáitheanna na seirbhíse agus faoi acmhainní teiripe an CNOS.

⁶ <https://www.independent.ie/irish-news/education/groundbreaking-trial-afoot-to-deliver-new-therapy-service-boost-to-schools/38067255.html>

⁷ <https://www.gov.ie/ga/preasraitis/7e9c4-ministers-foley-and-naughton-announce-the-establishment-of-an-educational-therapysupport-service-etss/>

⁸Foilsíonn an tAire McEntee agus an tAire Stáit Moynihan Plean Oideachais 2025

Tagairtí

- Ainscow, M., Booth T., and Dyson, A. (2006). *Improving Schools, Developing Inclusion*. Routledge, Nua-Eabhrac, NY.
- Archibald, L. M. D. (2017). SLP-educator classroom collaboration: A review to inform reason-based practice. *Autism & Developmental Language Impairments*, 2, 1-17.
- Cumann Teiripeoirí Saothair na hÉireann (AOTI), (2024). *Position Paper on The Role of Occupational Therapists Working with Children and Adolescents in Education Settings*. Baile Átha Cliath.
- Cahill, S. M., agus Beisbier, S. (2020). Occupational therapy practice guidelines for children and youth ages 5-21 years. *The American Journal of Occupational Therapy*, 74(4), Article 7404397010p1–7404397010. doi.org/10.5014/ajot.2020.744001
- Centre for Effective Services, (2012). *An Introductory Guide to Implementation*. Baile Átha Cliath.
- de Oliveira Borba, P.L., Pereira, B.P., de Souza, J.R.B. agus Roseli E. Lopes, (2020). Occupational Therapy Research in Schools: A Mapping Review. *Occupational Therapy International*. 2020, 1-9.
- An Roinn Oideachais (2022). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*. Baile Átha Cliath.
- Douglas, G., Travers, J., McLinden, M., Robertson, C., Smith, E., Macnab, N., Powers, S., Guldberg, K., McGough, A., O'Donnell, M., Lacey, P. (2012). *Measuring Educational Engagement, Progress and Outcomes for Children with Special Educational Needs*. Tuarascáil Taighde an CNOS Uimh. 11, Baile Átha Troim, Contae na Mí
- Ebbels, S.H., McCartney, E., Slonims, V., Dockrell, J.E. agus Norbury C.F. (2019). Evidence-based pathways to intervention for children with language disorders. *International Journal of Language and Communication Disorder*, 54(1):3-19.
- Fitzgerald, J., Lynch, J., Martin, A. agus Cullen, B. (2021). Leading Inclusive Learning, Teaching and Assessment in Post-Primary Schools in Ireland: Does Provision Mapping Support an Integrated, School Wide and Systematic Approach to Inclusive Special Education? *Eolaíochtaí Oideachais*, 11, 168.
- Gilleece, L., Surdey, J., agus Rawdon, C. (2023). An evaluation framework for teachers' professional learning in Ireland. *An Foras Taighde ar Oideachas*. www.erc.ie/tplframework2023
- Laverdure, P.A. agus Rose, D.S. (2012). Providing educationally relevant occupational and physical therapy services. *Physical and Occupational Therapy in Pediatrics*, 32, 347-54.
- Lynch, H., Ring, E., Boyle, B., Moore, A., O'Toole, C., O'Sullivan, L., Brophy, T., Frizelle, P., Horgan, D., O'Sullivan, D. (2020). *Evaluation of In-School and Early Years Therapy Support Demonstration Project*. Tuarascáil Taighde Uimh. 28. An CNOS, Baile Átha Troim, Contae na Mí.
- Lynch, H., Moore, A., O'Connor, D. agus Boyle, B. (2023) 'Evidence for implementing tiered approaches in schoolbased occupational therapy in elementary schools: a scoping review', *The American Journal of Occupational Therapy*, 77(1), (lch 11).
- McCluskey, J., Donnelly, P., Brady, S., Franklin, S. agus Murphy, C A. (2020). Improving outcomes for children with communication difficulties: Implementing cross-disciplinary service delivery models in schools. *Poster Presentation for 3rd UK Implementation Science Research Conference*. <https://impsciconference.com/live-poster-sessions/#P42>
- Maciver, D., Rutherford, M., Arakelyan, S., Kramer, J.M., Richmond, J., Todorova, L., et al. (2019). Participation of children with disabilities in school: A realist systematic review of psychosocial and environmental factors. *PLoS ONE* 14(1): e0210511.
- Missiuna, C., Pollock, N., Campbell, W., DeCola, C., Hecimovich, C., Sahagian Whalen, S., Siemon, J., Song, K., Gaines, R., Bennett, S., McCauley, D., Stewart, D., Cairney, J., Dix, L agus Camden, C. (2017). Using an innovative model of service delivery to identify children who are struggling in school. *British Journal of Occupational Therapy*, 80(3) 145-154.
- Starling, J., Munro, N., Togher, L. agus Arciuli, J. (2012). Training secondary school teachers in instructional language modification techniques to support adolescents with language impairment: a randomized controlled trial. *Language, speech, and hearing services in schools*, 43, 474–495.
- World Federation of Occupational Therapy (2016). Position statement on occupational therapy services in schoolbased practices for children and youth. www.wfot.org/resources/occupational-therapy-services-in-school-basedpractice-for-children-and-youth



